Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**9160/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0141(NLE)**

**AVIATION 103**
**RELEX 571**
**MA 2**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Bealtaine 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 238 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, agus cur i bhfeidhm sealadach Prótacail lena leasaítear an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite don Aontas Eorpach a chur san áireamh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 238 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 238 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.5.2023
COM(2023) 238 final

2023/0141 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, agus cur i bhfeidhm sealadach Prótacail lena leasaítear an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite don Aontas Eorpach a chur san áireamh**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

An Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, (‘an Comhaontú’), rinneadh é a chaibidliú ar bhonn údarú chun caibidlíocht a dhéanamh arna thabhairt ag an gComhairle an 5 Nollaig 2004; síníodh é an 12 Nollaig 2006.

D’aontaigh Poblacht na Cróite don Aontas Eorpach an 1 Iúil 2013. I gcomhréir le hAirteagal 6, an dara fomhír, den ionstraim Aontachais, gheall an Chróit go n-aontódh sí do na comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích nó arna síniú ag na Ballstáit agus ag an Aontas le tríú tír amháin nó níos mó nó le heagraíocht idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara le Maracó.

De réir Airteagal 6, an dara fomhír, thuasluaite, ‘déanfar aontachas na Cróite do chomhaontuithe den chineál sin a chomhaontú trí phrótacal a thabhairt i gcrích idir an Chomhairle, ag gníomhú di d’aon toil thar ceann na mBallstát, agus an tríú tír nó na tríú tíortha nó an eagraíocht idirnáisiúnta lena mbaineann. Déanfaidh an Coimisiún [...] na prótacail sin a chaibidliú thar ceann na mBallstát [...].’

An Prótacal lena leasaítear an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, rinne an Coimisiún é a chaibidliú.

Foráiltear leis an bPrótacal do na hoiriúnuithe teanga is gá a dhéanamh ar an gComhaontú mar gheall ar aontachas na Cróite.

Is é is cuspóir don togra seo cinneadh ón gComhairle a fháil, ar bhonn Airteagal 218(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 6(2) den ionstraim Aontachais, lena n-údaraítear síniú an Phrótacail thar ceann an Aontais agus na mBallstát agus a chur i bhfeidhm sealadach ag an Aontas agus ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 4(2) den Phrótacal, faoi réir a thabhairt i gcrích ina dhiaidh sin.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Comhlánaíonn forálacha an Phrótacail forálacha an Chomhaontaithe Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, chun aontachas na Cróite don Aontas Eorpach a chur san áireamh. Leis an bprótacal sin, beidh an Chróit in ann a hoibleagáidí faoi Airteagal 6(2) den ionstraim Aontachais a chomhlíonadh.

### • Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Ba é an comhaontú le Maracó an chéad chomhaontú cuimsitheach aeriompair a síníodh le comhpháirtí neamh-AE. Is gné thábhachtach de bheartas seachtrach eitlíochta an Aontais é an comhaontú seo agus is cuid é de shraith comhaontuithe Eitlíochta Eora-Mheánmhara, a shínigh an tAontas idir an dá linn le hIosrael agus leis an Iordáin. Leis an gcomhaontú eitlíochta le Maracó, méadaíodh an nascacht idir Maracó agus an tAontas Eorpach beagnach faoi thrí i ndearbhthéarmaí. Leis an bPrótacal seo, beidh an Chróit in ann leas a bhaint as na tairbhí sin ar an gcaoi chéanna a mbaineann Ballstáit eile leas astu faoi láthair.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús Dlí**

Airteagal 100(2) agus Airteagal 218(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i gcomhar le hAirteagal 6(2) den ionstraim Aontachais.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Leis an bPrótacal leasaítear comhaontú idir an tAontas Eorpach (agus a Bhallstáit) agus tríú tír. Dá bhrí sin, ní mór é a shíniú ar leibhéal an Aontais.

- **Comhréireacht**

Is é sin an nós imeachta caighdeánach chun aontachas Ballstáit nua do chomhaontú arna thabhairt i gcrích ag an Aontas (agus a Bhallstáit) a thabhairt chun críche. Tá raon feidhme an Phrótacail teoranta go docht d'aontachas na Cróite don chomhaontú eitlíochta le Maracó.

- **An rogha ionstraime**

Comhaontú idirnáisiúnta.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní bhaineann le hábhar

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar

- **Measúnú tionchair**

Ní bhaineann le hábhar

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar

- **Cearta bunúsacha**

Ní bhaineann le hábhar

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht ag an togra maidir le buiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní bhaineann le hábhar

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Iarrtar ar an gComhairle formheas a dhéanamh ar an bPrótacal lena leasaítear an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile.

Le hAirteagal 1 údaraítear síniú an Chomhaontaithe thar ceann an Aontais agus a Bhallstát.

An duine/na daoine atá údaraithe chun an Comhaontú a shíniú, sonraítear in Airteagal 2 an nós imeachta chun iad a ainmniú .

Déantar foráil in Airteagal 3 maidir le cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail.

2023/0141 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, agus cur i bhfeidhm sealadach Prótacail lena leasaítear an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite don Aontas Eorpach a chur san áireamh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais na Cróite, agus go háirithe d'Airteagal 6(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an Coimisiún Prótacal a chaibidliú lena leasaítear an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite don Aontas Eorpach a chur san áireamh ('an Prótacal'), chun a áirithiú go ndéanfar an Comhaontú thuasluaite a leathnú chuig Poblacht na Cróite.

(2) Tugadh an chaibidlíocht maidir leis an bPrótacal i gcrích go rathúil agus chuir an dá Pháirtí inisealacha leis an 23 Nollaig 2022.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart an Prótacal a shíniú thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, faoi réir a thabhairt i gcrích tráth níos déanaí.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 4(2) de, ba cheart feidhm a bheith ag an bPrótacal ar bhonn sealadach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, síniú an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite don Aontas Eorpach a chur san áireamh ('an Prótacal'), faoi réir thabhairt i gcrích an Phrótacail sin.

Tá téacs an Phrótacail i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Bunóidh Ardrúnaíocht na Comhairle an ionstraim lánchumhachtaí chun an Prótacal a shíniú, faoi réir an Prótacal a thabhairt chun críche, don duine nó do na daoine arna lua ag an gCoimisiún.

*Airteagal 3*

Beidh feidhm ag an bPrótacal ar bhonn sealadach, i gcomhréir le hAirteagal 4, an dara fomhír de, ón dáta a shíneoidh na Páirtithe é.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*